# CINNEADH (AE) 2024/2099 ÓN gCOIMISIÚN

**an 31 Iúil 2024**

**lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint don fhógra a thug Éire gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus gur mian léi a bheith faoi cheangal ag an Rialachán sin.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Rialachán (AE) 2024/1347 an 14 Bealtaine 2024 agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Meitheamh 2024. Beidh feidhm ag a fhorálacha ón 1 Iúil 2026 ar aghaidh.

(2) I litir dar dáta an 27 Meitheamh 2024, thug Éire fógra gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2024/1347 agus a bheith faoi cheangal aige.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2024/1347 a dheimhniú.

(4) Ós rud é nach bhfuil Éire rannpháirteach i dTreoir 2003/109/CE ón gComhairle ([2]), níor cheart í a bheith faoi cheangal ag an bhforáil i Rialachán (AE) 2024/1347 lena leasaítear an Treoir sin.

(5) Níl aon choinníoll sonrach i gceist le rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2024/1347 agus níl gá le haon bheart idirthréimhseach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2024/1347 deimhnithe.

([1]) IO L 2024/1347, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1347/oj.

([2]) Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO L 16, 23.1.2004, lch. 44, ELI: : http://data.europa.eu/eli/dir/2003/109/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN